Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2017**
**(OR. fr)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0263 (COD)**

**8350/1/17**
**REV 1**

**CODEC 616**
**ECOFIN 286**
**UEM 91**
**FC 30**
**REGIO 44**
**AGRISTR 36**
**PECHE 156**
**CADREFIN 46**
**SOC 276**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach don tréimhse 2017 go 2020 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 **(An chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 26 Samhain 2015, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar an tríú mír d'Airteagal 175 CFAE, agus ar Airteagal 197(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 16 Márta 2016[2]. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ar an 7 Aibreán 2016[3].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 27 Aibreán 2017. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

1 14790/15.
2 IO C 177, 18.5.2016, lch. 47.
3 IO C 240, 1.7.2016, lch. 49.
4 8532/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 8/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na hUngáire ag staonadh.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.